Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Meán Fómhair 2025**
**(OR. en, de)**

**12910/25**
**ADD 1 REV 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0232 (COD)**

**CODEC 1277**
**ENV 849**
**CLIMA 343**
**AGRI 428**
**FORETS 71**
**RECH 393**
**TRANS 389**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le Faireachán Ithreach agus Athléimneacht Ithreach (an Dlí maidir le Faireachán Ithreach) **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle<br>= Ráitis |

**Ráiteas ón nGearmáin**

Leis seo, cuireann an Ghearmáin an ráiteas seo a leanas leis na miontuairiscí maidir lena hagóid:

Is réamhriachtanas iad ithreacha sláintiúla le haghaidh an-chuid seirbhísí éiceachórais, mar shampla linnte carbóin agus scagachán agus stóráil uisce. Feidhmíonn siad freisin mar mhaolán i gcoinne éilleán, bíonn siad mar bhonn d'aiste bhia leormhaith fholláin, soláthraíonn siad bithmhais talmhaíochta agus foraoiseachta agus cruthaíonn siad fuarú nádúrtha i gceantair uirbeacha. Tá sé ríthábhachtach go gcoinneofaí sláinte ithreach, lena n-áirítear inneachar húmais agus bithéagsúlacht ithreach, agus i gcás inar féidir, is den ríthábhacht go bhfeabhsófaí an méid sin. Tá na dálaí áitiúla sna Ballstáit aonair fite fuaite sa phróiseas sin. Dar leis an nGearmáin, ní chuirtear prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta san áireamh go leordhóthanach sa togra le haghaidh an Dlí maidir le Faireachán Ithreach, mar a comhaontaíodh idir Parlaimint na hEorpa agus Uachtaránacht na Comhairle é, agus chruthófaí ualaigh bhreise agus dhéanfaí dúbláil ar struchtúir dá bharr.

**Ráiteas ón tSualainn**

Is mór ag an tSualainn go ndéantar solúbthacht agus rialú na mBallstát a choimirciú den chuid is mó leis an téacs comhréitigh deiridh. Aithníonn an tSualainn go bhfuil Airteagal 11 aistrithe go substaintiúil chun bheith i gcomhréir leis an seasamh ón tSualainn trí chomhphrionsabail bainistíochta inbhuanaithe atá ceangailteach ó thaobh dlí, chomh maith le hIarscríbhinn III, a scriosadh.

Mar sin féin, is bunábhar imní fós don tSualainn í an Treoir atá beartaithe. Creideann an tSualainn fós go dtabhóidh an togra costais bhreise i ndáil leis na tairbhí a bhaineann leis agus ní fheiceann sí breisluach soiléir a thugann údar leis an ualach riaracháin a bhaineann le comhchreat faireacháin atá ceangailteach ó thaobh dlí. Níl sé cinnte go fóill go mbeidh an creat faireacháin costéifeachtúil agus tá easpa dearbhaithe cáilíochta fianaisebhunaithe ann go mbeidh an creat atá beartaithe indéanta agus infheidhme i gceart maidir le cineálacha éagsúla ithreacha. Tá cineál trasteorann na sláinte ithreach teoranta agus tagann sí faoi scáth na hinniúlachta náisiúnta.

Is é an toradh atá ar an téacs comhréitigh deiridh Treoir atá níos gaire don seasamh ón tSualainn i gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún agus is féidir leis an tSualainn, dá bhrí sin, de mheon an chomhréitigh, glacadh leis an téacs comhréitigh deiridh. Mar sin féin, leagann an tSualainn béim ar na hábhair imní a luaitear thuas, agus cuireann sí i dtábhacht nach bhfuil aon ráthaíocht ann go n-oibreoidh an creat sa chleachtas.